AN COIMISIÚN EORPACH
AN ARD-STIÚRTHÓIREACHT
GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE
Directorate E – Climate Resilience and Information Management
CLIMA.E.2 – Communication and Stakeholder Relations

Ábhar: Comhshocrú Aeráide Eorpach – Scoileanna agus ollscoileanna a rannpháirtiú sa ghníomhú ar son na haeráide

Is tionscnamh é an Comhshocrú Aeráide Eorpach **a sheol an Coimisiún Eorpach** chun cabhrú le daoine, pobail agus eagraíochtaí oibriú le chéile chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus oiriúnú dá éifeachtaí, agus an nuálaíocht á spreagadh, pobail níos láidre á dtógáil agus borradh á chur faoin ngeilleagar ag an am céanna.

Is cúis áthais dúinn gníomhaíocht ón gComhshocrú Aeráide Eorpach a thabhairt isteach **Pact2School**, arb é is aidhm di daoine óga i scoileanna agus in ollscoileanna ar fud na hEorpa a spreagadh, a mhealladh agus a chumhachtú chun gníomhú go fóinteach ar son na haeráide.

Mar chuid den tionscnamh, tugtar cuireadh d'Ambasadóirí agus do Chomhpháirtithe an Chomhshocraithe Aeráide Eorpaigh – daoine aonair agus eagraíochtaí atá tiomanta do ghníomhú ar son na haeráide – cuairt a thabhairt ar scoileanna agus ar ollscoileanna san Aontas chun gníomhaíochtaí spraíúla agus oideachais a mholadh agus a eagrú chun feasacht a mhúscailt agus chun dul i dteagmháil le múinteoirí agus le daltaí maidir le téamaí a bhaineann leis an aeráid, mar shampla trí chur i láthair nó trí cheardlanna praiticiúla.

Is féidir le scoileanna agus ollscoileanna páirt a ghlacadh sa dúshlán **Pact2School** agus an deis a fháil maoiniú a fháil dá ngníomhaíocht aeráide féin.

Molaimid duit bualadh le hAmbasadóir nó Comhpháirtí an Chomhshocraithe Aeráide a chuaigh i dteagmháil leat chun tuilleadh a fhoghlaim faoin gComhshocrú Aeráide agus faoin tionscnamh Pact2School agus páirt a ghlacadh san iarracht chomhchoiteann chun Eoraip níos inbhuanaithe, níos cuimsithí agus níos athléimní ó thaobh na haeráide de a mhúnlú. Idir an dá linn, chun tuilleadh a fhoghlaim, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin an Chomhshocraithe Aeráide Eorpaigh nó féach ar an uirlis oideachais Ár bpláinéad, Ár dtodhchaí a d'fhorbair an Coimisiún Eorpach do mhic léinn agus d'oideoirí.

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoin tionscnamh seo, déan teagmháil le: engagement@euclimatepact.eu

Le dea-ghuí,

Paolo CARIDI
Ceann Aonaid